

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
MEASÚNÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAEILGE
FÓMHAR 2022

OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

Triail Chluastuisceana– 100 MARC

Thart ar 50 nóiméad don triail seo. Gach ceist a fhreagairt as gach Roinn. Do gach ceist cuir ‘tic ’ i mbosca amháin gach uair.

Líon na boscaí seo, le do thoil:-

Uimhir Scrúdaithe	Uimhir PPS	Uimhir Oide

ROINN A: FÓGRAÍ

Seinnfear trí fhógra sa Roinn seo. Seinnfear gach fógra díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

FÓGRA I

1. Cén post atá á fhógairt?

Oifigeach Oideachais.

Múinteoir bunscoile.

Bainisteoir Tionscnaimh.

Bainisteoir Cumarsáide.

2. Cén leibhéal Gaeilge atá ag teastáil don phost?

Leibhéal ard.

Caighdeán bunúsach.

Caighdeán idirmheánach.

Bonnleibhéal.

3. Cén áit mbeidh an duine a cheapfar ag obair?

Maigh Nuad.

Baile Átha Cliath.

Maigh Eo.

Maigh Chromtha.

4. Céard a bheidh le déanamh ar na meáin shóisialta ag an duine a cheapfar?

Anailís a dhéanamh ar na meáin shóisialta.

Grianghraif den eagraíocht a phostáil.

Lucht leanúna na heagraíochta a mhéadú.

Áiseanna a fhorbairt ar na meáin shóisialta.

5. Céard é an spriocdháta d'iarratais?

21 Bealtaine.

1 Bealtaine.

22 Bealtaine.

20 Bealtaine.

FÓGRA II

1. Cé a d'eisigh an fógra?

Deirdre Ní Bhraonáin.

Ealaín na Gaeltachta.

Údarás na Gaeltachta.

Ceachtanna na Gaeltachta.

2. Cén post atá ag Deirdre Ní Bhraonáin?

Múinteoir bunscoile.

Ealaíontóir.

Múinteoir meánscoile.

Comhairleoir.

3. Lasmuigh de thuismitheoirí cén grúpa eile a bhfuil na ceachtanna dírithe air?

Múinteoirí bunscoile.

Múinteoirí meánscoile.

Ealaíontóirí.

Eolaithe.

4. Cá bhfaigheann Deirdre a hinspioráid?

Ó leabhair.

Ón nádúr.

Ó thaighde.

Ó phictiúir.

5. Conas is féidir eolas eile a fháil faoin tsraith?

Trí ríomhphost a chur.

Trí ghlaio a chur.

Trí litir a sheoladh.

Trí théacs a chur.

FÓGRA III

1. Cé a chuir an tsraith ar fáil?

Fís agus Foghlaim.

Foghlaimoirí Gaeilge.

Cumann na Múinteoirí.

Gaelchultúr Teoranta.

2. Cén ghné den Ghaeilge a chlúdaíonn na físeáin?

Gramadach na Gaeilge.

Labhairt na Gaeilge.

Foghraíocht na Gaeilge.

Foclóir na Gaeilge.

3. Cá fhad a mhaireann gach físeán?

22 nóiméad.

40 nóiméad.

2 uair.

Thart ar 2 nóiméad.

4. Cén grúpa a bhainfeadh tairbhe ar leith as na físeáin?

Ealaíontóirí.

Páistí.

Iarrthóirí ar an gCáilíocht sa Ghaeilge.

Muintir na Gaeltachta.

5. Céard atá ar fáil ag www.gaelchultúr.com?

Amhráin.

Tuilleadh Eolais.

Áiseanna.

Leabharlann ar líne.

ROINN B: COMHRÁITE

Seinnfear trí chomhrá sa Roinn seo. Seinnfear gach comhrá díobh faoi thrí. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

COMHRÁ I

1. Cá fhad a chaith Seán ag múineadh in Aberystwyth?

3 bliana.

Bliain.

24 bliana.

4 bliana.

2. Cén fáth nach bhfaca Seán a chairde le fada?

De bharr easpa airgid.

De bharr an choróinvíris.

De bharr na haimsire.

De bharr go raibh siad san Ollscoil.

3. Céard a bhí gar don óstán inar fhan Seán?

Gairdín.

Ollscoil.

Linn Snámha.

Caisleán.

4. Céard é an ní is fearr le Seán a dhéanamh in Aberystwyth?

Dul ag spaisteoireacht.

Dul ag sú na gréine.

Turas a thógáil i dtraein.

Dul ag rothaíocht ar na haille.

5. Dar le Seán, cén fáth a raibh an t-ádh air agus é in Aberystwyth sa samhradh?

Bhí an baile go hálainn.

Bhí na radhairc dochreidte.

Bhuail sé lena chairde.

Bhí dea-aimsir ann.

Ar lean →

COMHRÁ II

1. Cén fáth a bhfuil Pádraig dóchasach?

Beidh Rang a hAon agus Rang a Dó aige an bhliain seo chugainn.

Chuaigh sé faoi agallamh do phost.

Fuair sé post i Scoil Náisiúnta Naomh Bríd.

Beidh na Naíonáin Shóisearacha aige an bhliain seo chugainn.

2. Cé na ranganna a bheidh ag Caoimhe i mbliana?

Na Naíonáin Shóisearacha agus na Naíonáin Shinsearacha.

Rang a hAon agus Rang a Dó.

Rang a Trí agus Rang a Ceathair.

Rang a Cúig agus Rang a Sé.

3. Cén post atá ag Ciara Ní Thuathail?

Príomhoide Scoil Náisiúnta Naomh Bríd.

Príomhoide Scoil Náisiúnta Thuar Mhic Éadaigh.

Rúnaí Scoil Náisiúnta Thuar Mhic Éadaigh.

Rúnaí Scoil Náisiúnta Naomh Bríd.

4. Cén t-aitheantas atá bainte amach ag Scoil Náisiúnta Thuar Mhic Éadaigh?

Aitheantas mar ríomh-scoil.

Aitheantas mar scoil ghlas.

Aitheantas mar scoil Ghaeltachta.

Aitheantas mar scoil ghníomhach.

5. Cá bhfuil cónaí ar Phádraig?

Tuar Mhic Éadaigh.

Caisleán an Bharraigh.

Cill Bhríde.

Gaillimh.

COMHRÁ III

1. Cár chuala Dónal faoi bhás Jim Sherwin?

Ar an teilifís.

Ar an idirlíon.

Sa bhaile mór.

Ar an raidió.

2. Cár bh as do Jim Sherwin ó dhúchas?

Baile Phib.

Baile Uí Dhuinn.

Baile Pháidín.

Baile Ghib.

3. Dar le Moya, céard a chuir le hatmaisféar suaimhneach ‘Track and Trails’?

Eolas faoi shiúlóidí.

Turais go háiteanna éagsúla ar fud na tíre.

Guth bog Jim Sherwin.

An ceol sa chúlra.

4. Cén fáth ar tugadh ‘Guth an Rugbaí’ ar Jim Sherwin?

Ba thráchtair rugbaí é.

B’imreoir rugbaí é.

Ba réiteoir rugbaí é.

B’imreoir leadóige é.

5. Cén caidreamh a bhí ag Ger Canning le Jim Sherwin?

B’uncail leis é.

Ba dheartháir leis é.

Ba chomhghleacaí leis é.

Ba chara leis é.

ROINN C: MÍREANNA NUACHTA

Seinnfear trí mhír nuachta sa Roinn seo. Seinnfear gach mír díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta

MÍR NUACHTA I

1. Cé na duaiseanna a bronnadh ar chomhlachtaí Gaeltachta aréir?

Gradaim Bhlas na Gaeltachta.

Gradaim an Uachtaráin.

Gradaim Bhlas na hÉireann.

Gradaim Ghlas na hÉireann.

2. Cén fáth ar bhuaigh Brian Farrell agus a fhoireann duais?

As a bheith lonnaithe i nGaeltacht Mhúscraí.

As caighdeán na feola a chuireann siad ar fáil.

As an salann a chuireann siad ar fáil.

As na deochanna ceardaíochta a chuireann siad ar fáil.

3. Cá bhfuil Búistéir Uí Chinnéide suite?

I dTrá Láí.

I mBaile Bhuirne.

I nGaeltacht Mhúscraí.

Sa Daingean.

4. Cé mhéad duais a bhuaigh *Folláin Teoranta*?

1.

4.

18.

8.

5. Cén post atá ag Tara McCarthy?

Príomhfheidhmeannach Bhord Bia.

Craoltóir faoi chúrsaí bia.

Príomhfheidhmeannach Ghradaim na Gaeltachta.

Tuairisceoir ar chúrsaí bia.

Ar Lean →

MÍR NUACHTA II

1. Cén fáth a raibh an ócáid ar siúl ar líne?

Chun deis a thabhairt do phobal na Gaeltachta a bheith i láthair.

De bharr an choróinvíris.

Chun deis a thabhairt do phobal idirnáisiúnta freastal uirthi.

Chun deis a thabhairt don Uachtarán freastal uirthi.

2. Céard as d'Áine Ní Chonghaile?

Tír an Fhia.

Oileán Árann.

Indreabhán.

Cathair na Gaillimhe.

3. Cén bhaint atá ag Áine Ní Chonghaile leis an gcomhlacht *Europus*?

Feidhmeannach Gnó.

Láithreoir.

Bunaitheoir.

Rúnaí.

4. Cén post atá ag Neansaí Ní Choistealbha?

Múinteoir Bunscoile.

Láithreoir Teilifíse.

Léiritheoir.

Láithreoir Raidió.

5. Cé a bhronn na gradaim aréir?

Uachtarán Raidió na Gaeltachta.

Uachtarán na hÉireann.

Uachtarán na hOllscoile.

Bunaitheoir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

MÍR NUACHTA III

1. Cé a cheadaigh an maoiniú d' Aerfort Dhún na nGall?

Údarás na Gaeltachta.

Comhairle Contae Dhún na nGall.

An Coimisiún Eorpach.

Na haerfoirt réigiúnacha.

2. Chomh maith le turasóirí, cén grúpa eile a ndéanann an t-aerfort freastal air?

Páistí.

Múinteoirí.

Lucht gnó.

Feisirí Pharlaimint na hEorpa.

3. Cé chomh minic agus a bhíonn eitiltí ar fáil ó Bhaile Átha Cliath go hAerfort Dhún na nGall?

Gach dara lá.

Dhá uair sa lá.

Gach daichead nóiméad.

Dhá uair sa tseachtain.

4. Cén post atá ag Hildegard Naughton?

Cathaoirleach ar Chumann na nAerfort Réigiúnach.

Oifigeach i Roinn an Iompair.

Príomhfheidhmeannach na nAerfort Réigiúnach.

Aire Stáit i Roinn an Iompair.

5. Dar le Hildegard Naughton, cén grúpa a bhfuil na haerfoirt réigiúnacha tábhachtach dó?

Turasóirí ó thíortha eile.

Lucht Gnó Mhaigh Eo.

Pobail na gceantar Gaeltachta.

Pobal Chathair Chorcaí.